

An Bhruiséil, 17 Iúil 2025
(OR. en)

11733/25
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0241(COD)

AGRI 357
AGRIFIN 83
FIN 890
CADREFIN 100
CODEC 1040
ENV 717
FORETS 53

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 560 final annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 560 final annex.

Faoi iamh: COM(2025) 560 final annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 560 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear na coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas a chur chun feidhme
don Chomhbheartas Talmhaíochta don tréimhse ó 2028 go 2034**

IARSCRÍBHINN I

na ceanglais maoirseachta feirme dá dtagraítear in Airteagal 3

Cuid A: Rialacha maidir le maoirseacht feirme:

Réimsí	Príomh-shaincheist	Ceanglais Reachtúla Bhainistíochta	
An comhshaol agus aeráid an	Uisce	CRB 1	Treoir 2000/60/CE: Airteagal 11(3), pointe (e), agus pointe (h), a mhéid a bhaineann leis na ceanglais éigeantacha chun foinsí idirleata an truailithe fosáite a rialú
		CRB 2	Treoir 91/676/CEE ón gComhairle ¹ : Airteagal 4 agus Airteagal 5
	Bithéagsúlacht agus tírdhreach (cosaint agus cáilíocht)	CRB 3	Treoir 2009/147/CE: Airteagal 3(1), Airteagal 3(2), pointe (b) agus Airteagal 4(1), (2) agus (4)
		CRB 4	Treoir 92/43/CEE: Airteagal 6(1) agus (2)
Sláinte phoiblí, agus sláinte plandaí	Sábháilteacht bia	CRB 5	Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ² Airteagal 14 agus Airteagal 15, Airteagal 17(1) ³ , agus Airteagal 18, Airteagal 19 agus Airteagal 20
		CRB 6	Treoir 96/22/CE ón gComhairle ⁴ :

¹ Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1991/676/oj>).

² Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj>).

³ Arna chur chun feidhme go háirithe leis seo a leanas:

— Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 470/2009 agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 37/2010,

— Rialachán (CE) Uimh. 852/2004: Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I, cuid A (II 4 (g, h, j), 5 (f, h), 6; III 8 (a, b, d, e), 9 (a, c)),

— Rialachán (CE) Uimh. 853/2004: Airteagal 3(1) agus Iarscríbhinn III Roinn IX Caibidil 1 (I-1 b, c, d, e; I-2 a (i, ii, iii), b (i, ii), c; I-3; I-4; I-5; II-A 1, 2, 3, 4; II-B 1(a, d), 2, 4 (a, b)), Iarscríbhinn III Roinn X Caibidil 1(1),

— Rialachán (CE) Uimh. 183/2005: Airteagal 5(1), (5) agus (6), Iarscríbhinn I, cuid A (I-4 e, g; II-2 a, b, e), agus Iarscríbhinn III (faoine gceannteideal ‘BEATHÚ’, pointe 1 dar teideal ‘Stóráil’, an chéad abairt agus an abairt dheireanach, agus pointe 2 dar teideal ‘Dáileadh’, an tríú habairt), agus

— Rialachán (CE) Uimh. 396/2005: Airteagal 18.

	Táirgí cosanta plandaí		Airteagal 3, pointí (a), (b), (d) agus (e), agus Airteagal 4, Airteagal 5 agus Airteagal 7
		CRB 7	Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁵ : Airteagal 55, an chéad abairt agus an dara habairt
		CRB 8	Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁶ : Airteagal 5(2) agus Airteagal 8(1) go (5), Airteagal 12 maidir leis na srianta ar úsáid lotnaidicídí i limistéir faoi chosaint a shainítear ar bhonn Threoir 2000/60/CE agus reachtaíocht Natura 2000 Airteagal 13(1) agus (3) maidir le lotnaidicídí a láimhseáil agus a stóráil agus fuilleach a dhiúscairt.
Leas ainmhithe	Leas ainmhithe	CRB 9	Treoir 2008/119/CE ón gComhairle ⁷ : Airteagal 3 agus Airteagal 4
		CRB 10	Treoir 2008/120/CE ón gComhairle ⁸ : Airteagal 3 agus Airteagal 4
		CRB 11	Treoir 98/58/CE ón gComhairle ⁹ : Airteagal 4

Cuid B Rialacha maidir le coinníollacht shóisialta:

Réimsí	Príomh-shaincheist	Ceanglais Reachtúla Bhainistíochta
--------	--------------------	------------------------------------

⁴ Treoir 96/22/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 a bhaineann le toirmeasc ar shubstaintí áirithe a ngabhann gníomhaíocht hormónach nó thíreastatach leo, agus ar bhéite-agónaithe, a úsáid i bhfeirmeoireacht stoic agus lena n-aisghairtear Treoracha 81/602/CEE, 88/146/CEE agus 88/299/CEE (IO L 125, 23.5.1996, lch. 3, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1996/22/oj>).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj>).

⁶ Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj>).

⁷ Treoir 2008/119/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun laonna a chosaint (IO L 10, 15.1.2009, lch. 7, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/119/oj>).

⁸ Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint (IO L 47, 18.2.2009, lch. 5, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/120/oj>).

⁹ Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le hainmhithe a choinnítear chun críoch feirmeoireachta a chosaint (IO L 221, 8.8.1998, lch. 23, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1998/58/oj>).

Oibrithe fhostú	Dálaí oibre	CRB 12	Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ¹⁰ : Airteagail 3 go 6, 8, 10 agus 13
	Sábháilteacht agus sláinte ag an obair	CRB 13	Treoir 89/391/CEE ón gComhairle ¹¹ : Airteagal 5 go 12
		CRB 14	Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ¹² : Airteagal 3 go 9

Cuid C: Rialacha maidir le cleachtais chosanta

Cuspóirí ginearálta a leagtar amach in Airteagal 3(4)	Cuspóirí sonracha na gcleachtas cosanta
(a) Ithreacha ar mhórán carbóin, gnéithe tírdhreacha agus féarthailte buana a chosaint ar limistéar talmhaíochta	Ithreacha ar mhórán carbóin a chosaint lena n-áirítear bogaigh, tailte portaigh agus gnéithe tírdhreacha a chosaint
	Féarthailte buana atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de a chosaint ar limistéar talmhaíochta i láithreáin Natura 2000
(b) Ithir a chosaint ar chreimeadh, acmhainneacht na hithreach a chaomhnú, ábhar orgánach san ithir a chothabháil lena n-áirítear uainíocht nó éagsúlú ithreach, agus cosaint ar choinleach a dhó ar thalamh arúil	Ithir a chosaint ar chreimeadh faoi réir coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an láithreán
	Acmhainn na hithreach a chaomhnú, lena n-áirítear: - Cosaint ithreacha le linn na dtréimhsí is íogaire - Uainíocht nó éagsúlú barr
	Ábhar orgánach san ithir a chothabháil trí fhuíoll barr a bhainistiú, lena n-áirítear toirmeasc ar choinleach a dhó ar thalamh arúil

¹⁰ Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach (IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj>).

¹¹ Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1989/391/oj>).

¹² Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte d'úsáid trealaimh oibre ag oibrithe ag an obair (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 260, 3.10.2009, lch. 5, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2009/104/oj>).

(c) Uiscebhealaí agus screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha	Uiscebhealaí agus screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha, lena n-áirítear trí stiallacha maoláin a bhunú feadh uiscebhealaí
--	---

IARSCRÍBHINN II

Rialacha maidir le coibhéisí ainmhithe a ríomh chun críche tacaíochta ioncaim cúpláilte dá dtagraítear in Airteagal 11

Úsáidfidh na Ballstáit na comhéifeachtaí seo a leanas chun ainmhithe a thiontú go coibhéisí ainmhithe chun críoch na n-idirghabhálacha tacaíochta ioncaim cúpláilte dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

Speiceas	Aois/catagóir	Comhéifeacht
Bó-ainmhithe	faoi bhun 6 mhí d'aois	0,4
	ó 6 mhí d'aois go dtí 2 bhliain d'aois	0,6
	os cionn 54 bliana d'aois	1,0
Ainmhithe den speiceas eachaí	os cionn 6 mhí d'aois	1,0
Caoirigh agus gabhair		0,15
Muca	cránacha pórúcháin > 50 kg	0,5
	muca eile	0,3
Éanlaith chlóis		
	béaróga	0,014
	éanlaith chlóis eile	0,03